# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2003**

## STAIDÉAR GNÓ - ARDLEIBHÉAL - PÁIPÉAR 11

(160 Marc)

DÉ CÉADAOIN, 11 MEITHEAMH 2003 - IARNÓIN, 2.00 go 4.00

Tá na ceisteanna uile ar aon mharc. Tabhair faoi **CHEITHRE** cheist ar bith a fhreagairt.
Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair, maraon le, nuair is cuí sin,
Fóilíónna agus Dátaí a thaispeánfaidh an lá, an mhí agus an bhliain. Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Freagair GACH roinn. Is ceist í seo a bhaineann le Leabhar Túsiontrála agus le Mórleabhar.**

Thaispeáin NILBUD Tta. na hiarmhéideanna seo a leanas ina Leabhar Cúnta Ginearálta ar 1 Bealtaine 2003:

**LEABHAR CÚNTA GINEARÁLTA (Leathanach 1)**

| Dáta | Sonraí | F | Dr. € | Sr. € |
|---|---|---|---|---|
| 1/5/2003 | Innealra | MLG1 | 150,000 | |
| | Féichiúnaí OGILS Tta | MLF1 | 10,000 | |
| | Rótharraingt | LA1 | | 5,000 |
| | Caipiteal Gnáthscaireanna | MLG2 | | 155,000 |
| | Sóchmhainní, Fiachais agus Scairchaipiteal NILBUD Tta | | 160,000 | 160,000 |

**(A)** Breac na hiarmhéideanna sa Leabhar Cúnta Ginearálta thuas do na cuntais mhórleabhair cuí. (5)

**(B)** Breac na figiúirí cuí ó Leabhar na nDíolachán agus ón Leabhar Aischur Isteach thíos don mórleabhar. (9)

**LEABHAR NA NDÍOLACHÁN (Leathanach 1)**

| Dáta | Sonraí | Uimh. Shonraisc | F | Glan € | CBL € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 7/5/2003 | OGILS Tta | 1 | MLF1 | 12,000 | 2,520 | 14,520 |
| 11/5/2003 | NAVAC Tta | 2 | MLF2 | 8,000 | 1,680 | 9,680 |
| | | | | 20,000 | 4,200 | 24,200 |
| | | | | MLG3 | MLG4 | |

**LEABHAR AISCHUR ISTEACH (Leathanach 1)**

| Dáta | Sonraí | Uimh. NótaCreidmheasa | F | Glan € | CBL € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 17/5/2003 | NAVAC Tta | 40 | MLF2 | 4,000 | 840 | 4,840 |
| | | | | MLG5 | MLG4 | |

**(C)** Déan na Bearta Bainc seo a leanas do Mhí Bealtaine a thaifeadadh. Breac na figiúirí cuí don mórleabhar.

Nóta: Miondealaigh na bearta bainc agus tú ag baint úsáide as na ceannteidil seo a leanas:
**Taobh an Dochair (Fáltais):** Banc; Díolacháin; CBL; Féichiúnaithe; Scairchaipiteal
**Taobh an Chreidmheasa (Íocaíochtaí):** Banc; Ceannacháin; CBL; Fógraíocht.

| | |
|---|---|
| 2/5/2003 | D'infheistigh scairshealbhóirí NILBUD Teo €50,000 agus lóisteáladh é sin. |
| 5/5/2003 | Lóisteáladh Díolacháin ar Airgead Síos €48,400 (€40,000 + €8,400CBL) |
| 11/5/2003 | Íoctha as Fógraíocht (Seic Uimh. 1) €1,500 |
| 19/5/2003 | D'íoc OGILS a chuntas go hiomlán agus lóisteáladh é. Admháil Uimh. 3 |
| 24/5/2003 | D'íoc NAVAC €2,000 agus lóisteáladh é sin. Admháil Uimh. 4 |
| 28/5/2003 | Ceannacháin le hathdíol (Seic Uimh. 2) €25,000+ CBL21% (18) |

**(D)** Comhardaigh na cuntais ar 31 Bealtaine 2003 agus bain amach Comhardú Trialach amhail ar an dáta sin. (8)

**(40 marc)**

**2.** **Freagair GACH roinn. Ceist Imeasctha í seo ag baint le Doiciméid agus Leabharchoimeád.**

Ar an 16 Aibreán 2003, chuir TROSCÁN COONEY Tta, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, Ordú Uimh. 3 chuig TROSCÁN NA MUMHAN Tta, Luimneach, le haghaidh na n-earraí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| 20 Doras Péine Soladaí | @ €50 an ceann gan CBL san áireamh |
| 30 Taisceadán Seomra Codlata | @ €20 an ceann gan CBL san áireamh |

Tá na hearraí a ordaíodh sa stoc agus ar an 5 Bealtaine 2003 déanann TROSCÁN NA MUMHAN iad a sheachadadh.
Tagann Sonrasc Uimh. 55 leis na hearraí.
Is í an lascaine thrádála ná 25% agus tá CBL iníoctha ar an troscán de réir 21%.

D'íoc TROSCÁN COONEY Tta as na hearraí, le seic, ar an 20 Bealtaine 2003. Bhí an seic sínithe ag Hillary Cooney.

**(A)** Taispeáin conas ba cheart do TROSCÁN COONEY Tta déileáil le sonraisc isteach agus le seiceanna eisithe. (12)

**(B)** Ag baint úsáide as na sonraí thuas, comhlánaigh an Sonrasc Uimh. 55 agus an Seic Uimh. 1 *ar an mbileog doiciméid atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.* (15)

**(C)** Taifead an sonrasc a fuarthas agus an seic a eisíodh i Leabhar na gCeannachán agus i Leabhar Miondealaithe Airgid Thirim TROSCÁN COONEY Tta, atá tugtha *ar an mbileog ar leith a cuireadh ar fáil leis an bpáipéar seo*. (13)

**(40 marc)**

**3.** **Freagair GACH roinn. Ceist faoi Chaidreamh Tionsclaíoch í seo**.

**(A)** Cad é ról cheardchumainn? (6)

**(B)** Tabhair **trí** chúis go dtarlaíonn stailceanna. (6)

**(C)** Luaigh **trí** chéim a bhaineann le haighneas caidrimh thionsclaíoch a réiteach. (12)

**(D)** Déan staidéar ar an tuairisc seo a leanas as nuachtán agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

**Na hOthair Is Túisce a Ghortófar**

Rachaidh na haltraí as na ranna timpistí agus éigeandála ar stailc dhá uair an chloig ar fud na tíre inniu.
Thug na dochtúirí rabhadh go mb'fhéidir go bhfágfar iad ag srachadh ag iarraidh déileáil le hothair éigeandála nuair a bheidh na haltraí i mbun picéad idir 12pm-2pm mar agóid in aghaidh plódaithe agus coinníollacha oibre dofhulaingthe.
Iarrtar ar dhaoine gan teacht go dtí na haonaid timpistí sna príomhospidéil i mBaile Átha Cliath más féidir.
Beidh na seirbhísí go léir eile, riaradh othar ar an liosta feithimh san áireamh, ar siúl mar is gnách. Ón lá inniu beidh obair de réir rialach ar siúl ag na haltraí sna ranna timpistí, iad ag diúltú tascanna mar an sileadh infhéitheach a dhéanamh.

(i) Cad faoi an t-aighneas seo?
(ii) Ainmnigh an dá pháirtí atá in aighneas.
(iii) Sainaithin **dhá** pháirtí, seachas mar atá in (ii) thuas, ar chuir an t-aighneas isteach orthu.
(iv) Ainmnigh an **dá** chineál gnímh thionsclaíoch a rinneadh. (16)

**(40 marc)**

**4.** **Freagair GACH roinn. Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe.**

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as leabhair SIOAL Tta ar an 31 Bealtaine 2003. Is é an Scairchaipiteal Údaraithe atá ann ná 300,000 de ghnáthscaireanna ar €1 an ceann.

| **COMHARDÚ TRIALACH SIOAL Tta amhail ar an 31 Bealtaine 2003** | **Dr.** **€** | **Cr.** **€** |
|---|---|---|
| Ceannacháin agus Díolacháin | 110,000 | 250,000 |
| Aischuir Amach | | 5,000 |
| Stoc ag Tús 1/6/2002 | 14,000 | |
| Dleacht Allmhairíochta | 1,000 | |
| Féichíunaithe agus Creidiúnaithe | 18,000 | 13,000 |
| Árachas | 5,000 | |
| Pánna | 40,000 | |
| Veaineanna Seachadta | 68,000 | |
| Innealra | 90,000 | |
| Airgead Tirim | 2,000 | |
| Coimisiún Infhaighte | | 2,000 |
| Cúlchistí (Comhardú Brabúis agus Caillteanais) | | 16,000 |
| Rótharraingt Bainc | | 4,000 |
| Drochfhiacha | 2,000 | |
| Foirgnimh | 190,000 | |
| Scairchaipiteal Eisithe: 250,000 gnáthscaireanna ar €1 | | 250,000 |
| | 540,000 | 540,000 |

**(A)** Iarrtar ort **Cuntais Trádála, Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála** na cuideachta a ullmhú don bhliain dar chríoch 31 Bealtaine 2003 agus **Clár Comhardaithe** amhail ar an dáta sin.

Tugtar an t-eolas seo a leanas duit amhail ar an 31 Bealtaine 2003.

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Stoc ar Deireadh | €12,000 |
| (ii) | Coimisiún Infhaighte dlite | € 500 |
| (iii) | Pánna dlite | € 3,000 |
| (iv) | Díbhinn fógraithe 15% | |
| (v) | Dímheas: Innealra 10%; Veaineanna Seachadta 12%. | |

(35)

**(B)** Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh cúlchistí ag SIOAL Tta? (5)

**(40 marc)**

**5.** **Freagair GACH roinn. Ceist Imeasctha í seo a bhaineann le Córais Seachadta.**

**(A)** Luaigh **dhá** chúis go n-úsáidfeadh gnólacht a chuid veaineanna féin. (6)

**(B)** Mínigh **trí fhoinse** airgeadais a d'fhéadfadh gnólacht a úsáid chun veaineanna seachadta a fháil. (12)

**(C)** Ríomh an costas iompair do lá amháin ó na sonraí seo a leanas a chuir AB Tta ar fáil (**taispeáin na hoibriúcháin**):

Oibríonn AB Tta 320 lá oibre sa bhliain;
Tá an veain díosail in ann 20Km a thaisteal ar líotar;
Is é an fad a thaistealaítear in aon lá ná 700Km;
Is é costas díosail ná 40 cent in aghaidh an líotair;
Is é pá an tiománaí veain ná €120 in aghaidh an lae;
Is é pá chúntóir an tiománaí veain ná €50 in aghaidh an lae;
Is í an Cháin Ghluaisteáin Bhliantúil ná €700;
Is é an tÁrachas Gluaisteáin Bliantúil ná €1,200;
Is iad na Deisiúcháin Bhliantúla ná €900. (14)

**(D)** Ar an 1 Bealtaine 2003, cheannaigh AB Tta veain seachadta nua ar cairde ó NEVIN Motors Tta ar €35,000. Déan ceannach an veain seachadta seo a thaifeadadh i Leabhar Cúnta Ginearálta AB Tta *ar an mbileog bhán a chuirtear ar fáil leis an bpáipéar seo*. (8)

**(40 marc)**

**6.** **Freagair GACH roinn. Ceist í seo faoi Réamhaisnéis Sreafa Airgid.**

**(A)** Luaigh **dhá** chúis go n-ullmhódh gnólacht Réamhaisnéis Sreafa Airgid. (6)

**(B)** *Ar bhileog ar leith atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo, tá Réamhaisnéis Sreafa Airgid de* YAM Tta *nach bhfuil críochnaithe*. Iarrtar ort an fhoirm sin a chomhlánú do na míonna Márta, Aibreán, Bealtaine agus Meitheamh, chomh maith leis na colúin do na hiomláin.

Ba cheart an t-eolas seo a leanas a chur san áireamh:

Táthar ag súil go dtiocfaidh ardú de 20% ar na díolacháin mhíosúla ag tosú i mí Bealtaine;

Táthar ag súil go n-infheisteoidh na scairshealbhóirí €40,000 breise i mí Aibreáin;

Táthar ag súil go ndíolfar foirgnimh i mí Meithimh ar €100,000;

Táthar ag súil le Deontas AE i mí Bealtaine;

Táthar ag súil go dtiocfaidh ardú de 30% ar cheannacháin mhíosúla ag tosú i mí Bealtaine;

Táthar ag súil go seasfaidh costais pánna agus iompair gan athrú gach mí;

Táthar ag súil go dtiocfaidh laghdú de 25% ar chostais solais agus teasa sna míonna Márta agus Bealtaine;

Táthar ag súil go gceannófar foirgnimh nua i mí Bealtaine ar €250,000;

Táthar ag súil go n-íocfar díbhinn de €20,000 le scairshealbhóirí i mí Meithimh. (28)

**(C)** Rinne YAM Tta dearmad lamháil a dhéanamh do chostas innealra nua ar €30,000 i rith na tréimhse sin.

Taispeáin **an figiúr nua don Airgead Tirim ar Deireadh do mhí Meithimh**, tar éis an ceannachán sin a chur san áireamh, *sa bhosca atá ar fáil dó..* (6)

**(40 marc)**

# STAIDÉAR GNÓ - PÁIPÉAR 11, 2003

**Uimhir Scrúdaithe** ____________________

**Le húsáid le Ceist 2(B)**

**SONRASC** **Uimh. 55**
**TROSCÁN na MUMHAN,LUIMNEACH**

**Do:** ____________________
____________________
____________________

**Uimh.Teil:** 061 212300
**CBL:** IE334231
**Dáta:** ____________

Uimh. Ordú. ____________

| Méid | Sonraí | Costas Aonaid € | Iomlán (gan CBL) € |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | Iomlán (gan CBL) | |
| | | Lascaine Thrádála | |
| | | | |
| | | CBL | |
| E & OE | | Iomlán (le CBL) | |

**Le húsáid le Ceist 2 (B)**

**Banc na hÉireann** 90-43-17 €
Luimneach **Dáta** ____________

Íoc **euro euro euro**

€

Éire H. COONEY

"00001" 90-43-17 : 51222444 09

**Le húsáid le Ceist 2 (C)**

**LEABHAR na gCEANNACHÁN (Leathanach 1)**

| Dáta | Sonraí | Uimh. Shonraisc | F | Glan € | CBL € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | |

**LEABHAR MIONDEALAITHE AIRGID THIRIM (Leathanach 1)**

| Dáta | Sonraí | Uimh. Sheic | F | Banc | Creidiúnaí |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |

**É SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

**STAIDÉAR GNÓ – PÁIPÉAR 11, 2003**

**Uimhir Scrúdaithe** [ ]

**Le húsáid le Ceist 5 (D)**

**LEABHAR CÚNTA GINEARÁLTA (Leathanach 1)**

| Dáta | Sonraí | F | Dr.<br>€ | Sr.<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

**Le húsáid le Ceist 6 (B)**

## RÉAMHAISNÉIS SREAFA AIRGID DE YAM Tta DON TRÉIMHSE EANÁIR GO MEITHEAMH 2003

| | Eanáir<br>€ | Feabhra<br>€ | Márta<br>€ | Aibreán<br>€ | Bealtaine<br>€ | Meitheamh<br>€ | Iomlán do Ean. – Meith.<br>€ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Fáltais** | | | | | | | |
| Díolacháin | 60,000 | 60,000 | | | | | |
| Scairchaipiteal | | | | | | | |
| Foirgnimh | | | | | | | |
| Deontas AE | | | | | | | |
| **A - Fáltais Iomlán** | 60,000 | 60,000 | | | | | |
| **Íocaíochtaí** | | | | | | | |
| Ceannacháin | 24,000 | 24,000 | | | | | |
| Pánna | 7,000 | 7,000 | | | | | |
| Costais Iompair | 4,500 | 4,500 | | | | | |
| Solas agus Teas | 3,600 | --------- | | | | | |
| Veaineanna Seachadta | | 42,000 | | | | | |
| Foirgnimh | | | | | | | |
| Díbhinn | | | | | | | |
| **B - Íocaíochtaí Iomlán** | 39,100 | 77,500 | | | | | |
| **C - Airgead Tirim Glan (A - B)** | 20,900 | -17,500 | | | | | |
| **D - Airgead Tirim Tosaigh** | 2,500 | 23,400 | 5,900 | | | | |
| **Airgead Tirim Deireadh** | 23,400 | 5,900 | | | | | |

**Le húsáid le Ceist 6(C)**

**Figiúr Nua d'Airgead Tirim Deireadh do mhí Meithimh** €______________

**É SEO A CHUR ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR**